

Lá dá rabha ós ráith Luimnigh

[McKenna, L.: *Aithdioghluim Dána* (Irish Texts Society, vols 37, 40, 1939/40), poem 27]

Domhnall mac Bruaideadha cct.

1 Lá dá rabha ós ráith Luimnigh
láimh re Sionainn sruthfhuinnghil
tugas cuairt - ciallaidh mh'eachtra -
fa cuairt d'iarraidh aigeanta.

2 Nírbh fhada dhamh dá dhéaghuin
Magh Áine an fhóid ghoirmfhéaruigh
gur lán do ghroigh 's do ghasraidh
gach clár don mhoigh Mhumhansain.

3 Do luaitheadh thirm na [dtulach]
d'anáil na n-each [n-allmhurach]
cuirthear leo an dún i ndorchacht
gur dhún ceo fan gcaladhphort.

4 Ealta caobh a crobhuibh each,
ealta bhéildearg bhadhbh neimhneach,
luaithealta ós cheannuibh cháich
d'eanguibh suaitheanta seanshnáith.

5 Cubhar geal a glomruibh srian
ag greasacht a ngreadh roidhian
ag rioth reampa sa romhagh
re cíoht sneachta ag samhloghadh.

6 Fuaras fear dar fhiafroigh sinn,
"cia an sluaghso ór ardaigh m'inntinn,
ón mall síothlád na sreabh nglan
do gheabh tre mhíonchlár Mumhan?"

7 "longnadh nach aithneann tusa;
ní fhuil," ar m'fhear cumthasa
"gné dhealbhasaidh ann ar fhear
mearghasraidh Gall is Gaoidheal."

8 San magh ós mhacraidh sídhe
do-chiu a-niar néal deighshíne
meirge dheargglas mar ghréin ngil;
do bheadhgas féin dá faicsin.

9 "Cia an sluaghso ag snámh a-noir
eang nach saidhbhre seol eathoir,

bró ghaillfhear gcalma gclisde
[gallgha] ndaingean ndoibhrisde?"

10 "Is iad thig don taobh a-niar
roighne Gaoidheal ghuint Ghailian,
glac ris nach gabhtar cumha,
fa mhac ndathghlan nDonnchadha

11 "Buidhean laoch ar nar loigh sgís
bhíos fa bhrataigh an ghiuisdís
geabhuid urmhór bheann mBanbha
dream do dhubhshlóg dhanardha."

12 "Cia an fheadhainse as ard meanma
leanas lorg na céidfheadhna,
nó an bréid suaithnidh sróill bhuidhe
ós bhróin luaithmhir laochruidhe?"

13 "An seol cogaidh ud-chí id dháil
sróll aisdreach Iarla Gabhráin;
lán uadh an fonnmhagh féarach
don tsluagh bhonnghlan Bhuilltéarach."

14 "Cia na cóirighthe cruinne
ghabhas a dtuaidh thoruinne
nó an bréid dealbhach snáthchaol sróill
nó an lánchaor mheanmnach macshlóigh?"

15 "Ríoghraidh Chonnacht re chois soin
bratach Riocaird ríogh Fhorbhoir,
na Búrcaigh go mbuaidh dhealbhda,
sluaigh le múchtair mímheanma."

16 "Cia an tionólso thig a-ndeas,
cosg tathaimh don tí éisdeas,
re fuaim greadh bhfrosghonach bhfear,
osnadhach mear a meirgeadh."

17 "Fian Luimnigh líon a gcuradh,
ógbhaidh Iarla Deasmhumhan
ann sin gá sluagh as ghloine
's na fir ó chuan Chorcoidhe."

18 "An d'iarraidh creach nó cána,
nó créad as cúis tionála
fa Chliaigh ródghloin na sriobh seang
a-niogh ag ógbhoidh Éireann?"

19 "Dá ríoghadh i ráith Luimnigh

ós chionn an chláir Thuadmhuimhnigh
d'fhuil na mBrian gidh bé dhleaghar
is é as ciall don chruinneaghadh.”

20 “Innis damh tre dhíoghruis n-eoil
- uait fhuaras fhios gach éinsgeoil -
cia do Shíol Táil do toghadh
do dhíon cháigh an gciallobhar?”

21 “Budh leis feasda fonn Adhar,
sóisear Dáil Chais Conchabhar,
géag chumhra do chineadh Táil,
dar dligheadh umhla d’fhagháil.

22 Damhna ríogh rátha Tuathail,
leannán Uisnigh órchuachaigh,
an céile do char Mumha
’s rer an Éire i n-aontumha.

23 Tiocfa sé le séan uaire
do dhíon Banbha bratuaine;
ag Bearchán do bhí a dheimhin,
an rí a gealchlár goirmFheimhin.

24 Tairis ar dtús táinig Fionn,
a theacht do thairngir Aoibhioll,
do bhí ag Séadna sean Gaidheal
an fear céadna ar comhmaoidheamh.

25 An fionn céillidh ón Chreig Léith,
do gheall naomhCholom neimhthréith;
dlighidh sé saoradh Teamhra
aonDamh Ré na ríghéalbha.

26 Mac Í Bhriain nar bhris slána
- dob í críoch na comhdhála -
gur ríoghadh é ar a fhine
sé ar bhfíoradh na fáisdine.

27 Re triath Sionna na sreabh mín
do fháiltigh muir is móirthír;
do budh faoilidh fód Caisil
don aoidhidh óg [amhraisin].

28 Lán gach dos ó dhrúcht meala,
lán d’éignibh na huisgeadha,
go lár do chlaon i gcoillidh
lán gach craobh do chrobhoingibh

29 Lán gach innbhear d'ealta bhinn,
lán do chrodh gach cnoc aoibhinn,
is lomnán fiadh gach fiodhbhaidh
d'fhiadh thonnbhán ó dToirdhealbhaigh

30 Muna bheith diomdha Dáil Cais
ní budh fada d'ua Phiarais
gan ghairm n-aithBhriain thighe Táil
don bhile a glainChliaigh Ghabhráin.

31 Fógra lóin ó Loch Garman
go Muaidh na magh n-abhallghlan
's ó Chuan Duibhe i nDíbh Duibhne
go sluagh Muighe Modhuirne

32 Ní anfa fós fear dearmuid
im Chruachuin Chláir imealbhuig,
nó im Theamhruigh gan teachta a-noir,
nó a seanMhuigh Ealta Éadoir.

33 Biaidh an tí nach tiocfa linn
do thionól tuaisgeirt d'Éirinn
ó Thoraigh go Tráigh mBaile
lán d'omhain ar n-larlaine

34 Is snámh i n-aghaidh easa
dul do dhéanamh coimhmeasa
- d'fhuil Chais is am dá fhógra -
re crann snais na seanFhódla. Lá dá.